An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

# Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

## 2024-2028

# Clár ábhair

**Gluais** 5

**Brollach an Aire** 6

**Caibidil 1: Comhthéacs agus cúlra** 7

Cén fáth a bhfuil an dara plean gníomhaíochta rannpháirtíochta ag teastáil? 9

Cad atá i gceist le rannpháirtíocht? 11

**Caibidil 2: Cad atá sa dara Plean Gníomhaíochta seo?** 13

Cuspóirí tosaíochta 14

Bunphrionsabail i *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024–2028* 14

*Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028*: Réimsí gníomhaíochta 15

Cad a bheidh i gceist le rath? 15

Cad iad na príomhthionscnaimh nua sa Phlean Gníomhaíochta seo? 16

Conas a chuirfear an Plean Gníomhaíochta seo i bhfeidhm agus conas a dhéanfar monatóireacht air? 17

**Caibidil 3: Conas a forbraíodh *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024–2028*** 19

Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm gníomhartha sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020* 17

Comhairliúchán poiblí agus próiseas aighneachta oscailte 19

Comhairliúcháin spriocdhírithe le leanaí agus daoine óga maidir le cur i bhfeidhm a gcearta 22

Athbhreithniú ar chomhairliúcháin a rinne Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit le déanaí chun príomhcheisteanna do leanaí agus do dhaoine óga a aithint 23

**Caibidil 4: Struchtúir agus meicníochtaí maoinithe ag RLCMLÓ a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht** 27

Hub na nÓg 28

*Creat Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* 29

Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta 29

Comhairle na nÓg 30

An *Plean Forbartha Cúig Bliana de chuid Chomhairle na nÓg* 30

Dáil na nÓg agus Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg 30

Seanad na nÓg 31

Taispeántas Chomhairle na nÓg 31
Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann 31
Idirphlé Óige an AE 32
Clár Guthanna Óga 32
Cláir oiliúna rannpháirtíochta 32

**Caibidil 5: *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028*** **35**
Rannpháirtíocht daoine óga i monatóireacht a dhéanamh ar *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028* 32
Ionchur daoine óga ar cheisteanna lárnacha an Chreata Éire Óg 32
Rannpháirtíocht l*eanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht: Creat gníomhaíochta 2024-2028* 37

**Aguisín 1: Gealltanais an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht** **47**

**Tagairtí** **50**



# Gluais

| | |
|---|---|
| CSLDÓ | Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RS | An Roinn Sláinte |
| LFC | Luathfhoghlaim agus Cúrame |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| LADTAI+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Aiteach, Idirghnéasach agus Eile |
| GBRÁ | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| CMS | An Coimisiún Meabhairshláinte |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachtat |
| PFN | Plean Forbartha Náisiúnta |
| ONR | An Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta |
| TNÓÉ | Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann |
| CLAS | Cúram Leanaí d'Aois Scoile |
| CNACL | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh |
| CNACDM | Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas |

# Brollach an Aire



Táim sásta *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* a chur i láthair, a leanann leis an obair thábhachtach lena chinntiú go mbíonn cead ag leanaí agus ag daoine óga tuairimí a thabhairt faoi bheartais agus faoi sheirbhísí a théann i bhfeidhm ar a saol. Ní mór éisteacht le leanaí agus le daoine óga maidir le príomhchinntí a mbíonn tionchar acu ar a n-eispéiris faoi láthair agus ar a bhféidearthachtaí amach anseo. Cuireann an Plean Gníomhaíochta seo leis na héachtaí a bhí sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020*. (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2015) Neartóidh sé dea-chleachtas atá ann cheana féin agus leathnóidh sé an cumas chun níos mó leanaí agus daoine óga a chuimsiú sa chinnteoireacht, ag uasmhéadú deiseanna dóibh dul i ngleic go bríoch leis na saincheisteanna a bhaineann leo.

Táimid ag dul isteach i gcéim nua maidir le cearta leanaí agus daoine óga a dtuairimí a chur in iúl maidir le cúrsaí a bhaineann leo. Tá cuimsitheacht ina príomhghné sa chéim seo: ní mór deis a thabhairt do gach leanbh, beag beann ar a gcúinsí nó a gcumas, go n-éistfí lena dtuairimí agus go gcuirfí san áireamh iad agus cinntí á ndéanamh a mbíonn tionchar acu ar a saol. Mar is amhlaidh le gach iarracht chasta, tógann sé seo tiomantas, acmhainní agus am. Leanfaidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ag cur eolais chun cinn agus ag soláthar tacaíochtaí praiticiúla do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí Stáit atá i mbun na hoibre seo. Tá na tacaíochtaí seo ríthábhachtach freisin maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha atá san áireamh sa doiciméad seo, chomh maith leis na gníomhartha a bheidh le forbairt amach anseo le linn shaolré an Phlean Gníomhaíochta seo.

Aithnítear ceannaireacht na hÉireann i rannpháirtíocht leanaí agus óige go hidirnáisiúnta. Áirítear leis seo tacaíocht a sholáthar do na struchtúir bhuana shubstaintiúla agus do na meicníochtaí fianaise-bhunaithe atá i bhfeidhm againn chun rannpháirtíocht a éascú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Soláthraíonn múnla rannpháirtíochta Lundy, ar a bhfuil creat rannpháirtíochta na hÉireann agus an Plean Gníomhaíochta seo bunaithe, treoir shoiléir maidir le cad is dea-chleachtas ann agus leanaí agus daoine óga ag gabháil do chinnteoireacht. Tá an deis againn ár seasamh ceannaireachta a chaomhnú trí chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta seo.

**Roderic O'Gorman TD**



An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# Caibidil

# 1

# Comhthéacs agus cúlra

Is é *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* an dara plean náisiúnta chun tacú le leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht. Cuireann sé le huaillmhian agus le héachtaí na chéad Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015- 2020, a leag amach agus a chuir le tiomantas an rialtais chun ceart leanaí agus daoine óga go n-éistfí leo a bhaint amach agus cinntí á ndéanamh a théann i bhfeidhm ar a saol.

Bhí an chéad *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020* ceannródaíoch in Éirinn agus ba í an chéad cheann dá leithéid san Eoraip í. Ba í an chéad comhstraitéis de *Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2014) freisin í, ag glacadh le cúig réimse toraidh an chreata sin:

- Gníomhach agus sláintiúil
- Éacht a bhaint amach i bhfoghlaim agus i bhforbairt
- Sábháilte agus cosanta ó dhochar
- Slándáil agus deiseanna eacnamaíocha
- Nasctha leis, meas acu ar agus ag cur lena ndomhan

Tá na réimsí toraidh seo tugtha ar aghaidh go dtí *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028* (An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), 2023) agus treoróidh siad fócas an Phlean Gníomhaíochta seo freisin.

Tá sé de cheart ag leanaí agus ag daoine óga faoi 18 mbliana d'aois faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) go n-éistfí lena dtuairimí. Is iad leanaí agus daoine óga san aoisghrúpa seo príomhfhócas an Phlean Gníomhaíochta seo. Aithníonn an rialtas freisin go bhféadfadh deacrachtaí uathúla a bheith ag daoine óga idir 18-24 bliana d'aois a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear a gceart go n-éistfí lena dtuairimí sna próisis chinnteoireachta. Dá réir sin, áirítear daoine óga suas le 24 bliana d'aois sa Phlean Gníomhaíochta seo.

Tá tús curtha ag go leor Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit leis an bpróiseas chun tuairimí leanaí agus daoine óga a chur san áireamh ina bpróisis forbartha beartais cheana féin. Áirítear leis seo na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí Stáit sin a bhfuil freagracht orthu as taighde beartais, reachtaíocht agus soláthar seirbhísí a bhaineann le:

- sláinte,
- oideachas,
- iompar,
- gníomhú ar son na haeráide,
- saol na tuaithe,
- ealaíona agus cultúir,
- súgradh agus fóillíocht, agus
- saol faoi chúram.

Thacaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) le go leor de na próisis seo. Tá tacaíocht, saineolas agus cúnamh praiticiúil curtha ar fáil ag RLCMLÓ trí Hub na nÓg (an t-ionad náisiúnta bairr feabhais ar rannpháirtíocht leanaí agus óige), an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta, agus comhairliúcháin agus rannpháirtíocht dírithe le Comhairle na nÓg (struchtúr náisiúnta na comhairle óige arna thacú ag RLCMLÓ agus údaráis áitiúla). In 2022, bunaíodh Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann chun fóram a sholáthar le haghaidh comhairliúcháin agus plé le leanaí agus daoine óga idir 12-24 bliana d'aois ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo.

Soláthraíonn Hub na nÓg saineolas modheolaíochta agus oiliúint trí chláir oiliúna struchtúrtha a chuimsíonn measúnú ar riachtanas agus modúil shaincheaptha ar fud earnálacha an rialtais agus neamhrialtais. In 2023, d'fhorbair agus sholáthair Hub na nÓg agus an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta an chéad oiliúint shaincheaptha do státseirbhísigh agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí, a bhí dírithe ar acmhainneacht a thógáil i measc státseirbhíseach agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí chun dul i dteagmháil go bríoch le leanaí agus daoine óga nuair a bhíonn cinntí beartais náisiúnta á ndéanamh a mbeidh tionchar acu ar a saol. Uaillmhian shuntasach den Phlean Gníomhaíochta seo is ea oiliúint struchtúrtha bunaithe ar chearta a leabú i bprionsabail agus i gcleachtas rannpháirtíochta ar fud na ngairmeacha go léir a oibríonn le agus ar son leanaí ag an leibhéal acadúil, beartais agus cleachtais.

## Cén fáth a bhfuil an dara plean gníomhaíochta rannpháirtíochta ag teastáil?

Tá go leor dul chun cinn déanta i dtreo cearta leanaí agus daoine óga a bhaint amach chun tuairim a bheith acu i gcinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol. Tá ardán láidir forbartha ag Éirinn ónar féidir dea-chleachtas i rannpháirtíocht leanaí agus óige a fhorbairt agus a leathnú. Mar sin féin, tá níos mó oibre fós le déanamh lena chinntiú go n-éistear go hiomlán le tuairimí leanaí agus daoine óga maidir leis an raon cinntí a théann i bhfeidhm orthu. Is í aidhm fhoriomlán an Phlean Gníomhaíochta seo ná cuimsiú leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht a chur chun cinn ag gach leibhéal: sa bhaile, ar scoil, ina bpobal agus ag leibhéal náisiúnta. Soláthraíonn an dara Plean Gníomhaíochta seo creat chun tacú le gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit caidreamh bríoch a bheith acu le leanaí agus daoine óga agus beartais, reachtaíocht, taighde agus seirbhísí ábhartha á bhforbairt acu.

Cuirfidh an Plean Gníomhaíochta seo ar chumas leanaí agus daoine óga a dtuairimí a chuimsiú sa chinnteoireacht thar raon níos leithne réimsí. Tá réimsí nua ina bhfuil sé tábhachtach go n-éistfí le tuairimí leanaí agus daoine óga tagtha chun cinn ó foilsíodh an chéad straitéis rannpháirtíochta in 2015. Áirítear orthu sin rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa spás digiteach, i gcásanna ina bhfuil teaghlaigh ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála, nó ina bhfuil siad mar chuid de phobal imirceach.

Léirigh tuarascálacha nuashonraithe bliantúla leantacha réimsí inar gá tuilleadh oibre a dhéanamh. I measc na réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre agus a dtugtar aghaidh orthu sa Phlean Gníomhaíochta seo tá:

- sonraí a bhailiú maidir le scála, cineálacha rannpháirtíochta agus cohóirt na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil baint acu le himeachtaí rannpháirtíochta;
- an lúb aiseolais a dhúnadh nuair a bhíonn comhairliúchán ar siúl le leanaí agus daoine óga – mar atá leagtha amach sa *Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (RLCMLÓ, 2021)* ba chóir a insint do leanaí agus do dhaoine óga cén áit agus conas a úsáideadh a n-ionchur agus cén tionchar, más ann dó, a bhí aige ar na cinntí deiridh;
- raon na struchtúr rannpháirtíochta atá maoinithe ag an rialtas a leathnú chun guthanna leanaí agus daoine óga nach gcloistear go hiondúil nó nach mbíonn de chumhacht acu a bheith rannpháirteach a chuimsiú;
- na deiseanna a chuireann an teicneolaíocht ar fáil a uasmhéadú chun leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i gcinnteoireacht go sábháilte trí fhóraim ar líne;
- tacú le tuismitheoirí guthanna a gcuid leanaí agus daoine óga a chuimsiú sa chinnteoireacht sa bhaile;
- cur leis an móiminteam idirnáisiúnta maidir le héisteacht le agus gníomhú ar ghuthanna leanaí agus daoine óga agus tacú leo;
- acmhainn a fhorbairt ar fud na n-earnálacha go léir agus i measc na gcleachtóirí go léir a oibríonn le agus ar son leanaí agus daoine óga go héifeachtach agus go sábháilte chun dul i gcomhairle leo ar shaincheisteanna a bhaineann lena saol; agus
- oiliúint i rannpháirtíocht a ardú go dtí stádas na hoiliúna foirmeálta agus na forbartha gairmiúla leanúnaí do gach gairmí a oibríonn le agus ar son leanaí agus daoine óga.



## Cad atá i gceist le rannpháirtíocht?

**Rannpháirtíocht: Sainmhíniú agus múnla**

Sainmhíníonn an CNACL rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht mar

> "próisis leanúnacha, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise agus idirphlé idir leanaí agus daoine fásta bunaithe ar chomh-mheas, agus inar féidir le leanaí foghlaim conas a chuirtear a dtuairimí agus tuairimí daoine fásta san áireamh agus an toradh atá aige seo ar phróisis dá leithéid" (Coiste na NA um Chearta an Linbh, 2009)

Éilíonn sé seo go mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach i bpróisis chinnteoireachta i suíomhanna laethúla, mar shampla sa bhaile, i seomraí ranga, i suíomhanna cúram leanaí, i gcúram sláinte, i suíomhanna lasmuigh den scoil, agus i gcinntí beartais náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar a saol.

Aithnítear leanaí agus daoine óga mar shealbhóirí cearta agus mar "shaoránaigh an lae inniu" seachas mar "dhaoine atá ag teacht ar an bhfód" (Coiste na NA ar Chearta an Linbh, 2009), agus forbraítear a gcumas páirt a ghlacadh i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu de réir mar a fhásann siad agus aibíonn siad.

Tá saineolas ag leanaí agus daoine óga ina saolta féin. Ní bhíonn a fhios ag daoine fásta i gcónaí conas a mhothaíonn leanaí, cad a cheapann siad nó cad a thaitníonn leo, agus dá réir sin tá sé de dhualgas orthu aird chuí a thabhairt do thuairimí leanaí agus daoine óga i bpróisis chinnteoireachta. .

## Múnla rannpháirtíochta Lundy

Is é Rannpháirtíocht *Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* mar bhonn faoi mhúnla rannpháirtíochta bunaithe ar chearta a d'fhorbair an tOllamh Laura Lundy. I gcomhar leis an Ollamh Lundy, forbraíodh leagan athbhreithnithe de mhúnla rannpháirtíochta Lundy don *Chreat Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* (RLCMLÓ, 2021).

Is é an Creat an bonn straitéiseach óna bhforbraíonn Hub na nÓg beartas spriocdhírithe agus treoir phraiticiúil. Go dtí seo, áirítear ar na gníomhaíochtaí a glacadh chun an Creat a chur i bhfeidhm, deontas um fhorbairt acmhainní agus clár oiliúna a sheachadadh ar fud earnálacha, lena n-áirítear eagraíochtaí a thacaíonn le leanaí agus daoine óga nach gcloistear uathu go minic, seirbhísí óige, agus eagraíochtaí luathbhlianta agus ealaíon. Tá pleananna á bhforbairt chun tacú le tuilleadh earnálacha.

**Fíor 1: Múnla rannpháirtíochta Lundy**

*An Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* (RLCMLÓ, 2021)

# Múnla Lundy

Soláthraíonn an múnla seo conair chun Airteagal 12 den CNACL a choincheapadh chun cinnteoirí a dhíriú ar cheithre ghné ar leith, cé go bhfuil siad i gcomhcheangal le chéile. Tá ord croineolaíoch réasúnach ag na ceithre ghné:

**Spás**
Caithfear deiseanna críonna, cuimsitheacha a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun a dtuairimí a chumadh agus a chur in iúl

**Glór**
Caithfear leanaí agus daoine óga a éascú lena ndearcadh a chur in iúl

**Lucht féachana**
Ní mór éisteacht leis an tuairim

**Tionchar**
Ní mór gníomhú ar an tuairim, de réir mar is cuí



# Caibidil

# 2

# Cad atá sa dara plean gníomhaíochta seo?

## Cuspóirí tosaíochta

Fanfaidh na seacht gcuspóir tosaíochta sa chéad *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020* mar thosaíochtaí don Phlean Gníomhaíochta nua seo. Is iad na cuspóirí seo ná go mbeidh guth ag leanaí agus ag daoine óga i gcinntí:

- ina bpobail áitiúla;
- sa luathoideachas, i scoileanna agus sna córais oideachais fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta níos leithne;
- a mbíonn tionchar acu ar a sláinte agus á bhfolláine, lena n-áirítear na seirbhísí sláinte agus sóisialta a sheachadtar chucu; agus
- sna cúirteanna agus sa chóras dlí.

Chomh maith leis na cuspóirí tosaíochta ón straitéis roimhe seo, tá na cuspóirí seo a leanas mar bhonn faoin bPlean Gníomhaíochta nua seo:

- Beidh glór leanaí agus daoine óga fite fuaite i gcinnteoireacht an rialtais agus i bhforbairt beartais, reachtaíochta agus taighde.
- Cuirfear ceannaireacht éifeachtach chun cinn chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chosaint agus a chur chun cinn.
- Forbrófar oideachas.

## Bunphrionsabail i *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028*

Tá na bunphrionsabail seo a leanas mar bhonn faoi ghealltanais agus gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta seo:

- Go n-aithnítear ceart leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach i gcinntí a théann i bhfeidhm ar a saol
- Go gcinntítear cosaint agus leas leanaí agus daoine óga de réir *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí* (Tusla, 2017)
- Go gcinntítear rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga leochaileacha nach gcloistear uathu go minic sa chinnteoireacht trí mheicníochtaí a bhunú agus a fheabhsú dá gcuid rannpháirtíochta
- Go bhfuil bailiúchán sonraí, monatóireacht agus meastóireacht láidir mar thaca ag tionscnaimh rannpháirtíochta.

## *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028:* Réimsí gníomhaíochta

Díreoidh *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* ar ocht réimse gníomhaíochta. Is iad seo:

- glór leanaí agus daoine óga a leabú sa chinnteoireacht agus i bhforbairt beartais, reachtaíochta agus taighde ar fud an rialtais;
- acmhainn a fhorbairt ar fud na n-earnálacha go léir a bhaineann le saol leanaí agus daoine óga chun iad chur san áireamh sa chinnteoireacht;
- cuimsiú leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht ina bpobail agus ina dtithe a chur chun cinn;
- tuairimí leanaí agus daoine óga a leabú sa chinnteoireacht sa chóras oideachais;
- cinntiú go gcuirtear leanaí agus daoine óga san áireamh sa chinnteoireacht sna seirbhísí sláinte agus sóisialta a fhaigheann siad;
- cinnteoireacht sa chúirt agus sa chóras cúirte a chumasú chun tuairim leanaí agus daoine óga a chuimsiú;
- tacú le rannpháirtíocht shábháilte, chothrom leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht ar líne; agus
- struchtúir rannpháirtíochta atá cuimsitheach, inrochtana agus sábháilte a fhorbairt do gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil tacaíochtaí breise de dhíth orthu chun páirt a ghlacadh iontu agus chun a bheith rannpháirteach.

## Cad a bheidh i gceist le rath?

Mar thoradh ar fheidhmiú rathúil an Phlean Gníomhaíochta seo bainfear leas as tuairimí leanaí agus daoine óga chun eolas a thabhairt do bheartas, do sheirbhísí, do reachtaíocht agus do thaighde i réimsí a bhaineann lena saol. Lorgófar a dtuairimí freisin agus meastóireacht agus monatóireacht á déanamh ar sheirbhísí agus ar bheartais ábhartha. I measc na mbuntáistí a aithníodh maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga ar an mbealach seo tá feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thionchar beartais agus reachtaíochta; spéis agus rannpháirtíocht daoine óga i saol a bpobail a chur chun cinn; agus mothú muinteartha leanaí agus daoine óga agus baint acu le cinnteoireacht sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail a mhéadú.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha uileghabhálacha sa Phlean Gníomhaíochta seo:

- beidh feasacht níos fearr ag leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí, cúramóirí, múinteoirí agus soláthraithe seirbhíse, chomh maith le lucht déanta beartas, ar cheart leanaí agus daoine óga tuairim a bheith acu i gcinntí a mbeidh tionchar acu ar a saol;

- soláthrófar rochtain dóibh siúd a oibríonn le agus ar son leanaí agus daoine óga (lena n-áirítear lucht déanta beartas, reachtóirí agus soláthraithe seirbhíse poiblí) ar oiliúint struchtúrtha ar líne, bunaithe ar chearta, i bprionsabail agus i gcleachtas rannpháirtíochta ar fud na ngairmeacha go léir a oibríonn le agus ar son leanaí ag an leibhéal acadúil, beartais agus cleachtais;
- cuirfear tacaíocht leanúnach ar fáil don chlár oibre rannpháirtíochta idirnáisiúnta agus rannchuideofar le hardáin idirnáisiúnta chun cleachtais nuálaíocha, modheolaíochtaí agus tionscnaimh oiliúna nuálacha a roinnt ar líne;
- spreagfar béim ar shonraí a bhailiú maidir le cleachtas rannpháirtíochta chun eolas a thabhairt d'fhorbairtí amach anseo agus ionas gur féidir measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar agus ar thorthaí na meicníochtaí rannpháirtíochta;
- déanfar forbairt bhreise ar mheicníochtaí rannpháirtíochta buana ina spásanna cuimsitheacha fáilteacha ionas go gcuirfear fáilte roimh gach leanbh agus duine óg beag beann ar a staid mhaireachtála, a n-eitneachas, a gcumas fisiceach nó aon bhreithniú nó riachtanais eile a d'fhéadfadh a bheith acu, agus go soláthrófar na meicníochtaí iomchuí is gá dá rannpháirtíocht;
- cuirfear cur i bhfeidhm iomlán an Chreata Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht chun cinn le béim ar fhaisnéis a sholáthar do leanaí; agus
- déanfar normalú ar chuimsiú leanaí agus daoine óga i bpróisis chinnteoireachta ionas gur gné de gach próiseas ábhartha é, agus mar sin, ionas go mbeidh an cumas ag lucht déanta beartas tabhairt faoi chuimsiú den sórt sin nó eolas faoi na háiteanna inar féidir leo teacht ar an saineolas atá de dhíth orthu chun é sin a dhéanamh.

Cuirfidh an Plean Gníomhaíochta seo forbairt leanúnach struchtúr agus cleachtais rannpháirtíochta chun cinn ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta i measc eagraíochtaí, earnálacha, cleachtóirí, agus Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit. Trí na gníomhartha seo a chur i bhfeidhm, agus trí úsáid a bhaint as agus trí fheabhsú na n-acmhainní agus tacaíochtaí atá ann cheana féin, leanfaidh RLCMLÓ ag cruthú agus ag stiúradh rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht ar fud an rialtais agus go hidirnáisiúnta.

## Cad iad na príomhthionscnaimh nua sa Phlean Gníomhaíochta seo?

Is iad seo a leanas na príomhthionscnaimh a thugann an Plean Gníomhaíochta seo isteach:

- Leathnóidh an Plean Gníomhaíochta tionscnaimh rannpháirtíochta go sraith réimsí nua, lena n-áirítear an baile, na cúirteanna agus suíomhanna cúraim.
- Bunófar Aonad nua Rannpháirtíochta Scoláirí sa Roinn Oideachais chun an próiseas rannpháirtíochta san earnáil oideachais a fhorbairt agus a fheabhsú.
- Déanfar treoir a tháirgeadh agus a sholáthar do phróisis rannpháirtíochta a bhaineann le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas.
- Forbrófar modúil oiliúna do lucht déanta beartas, do sholáthraithe seirbhíse agus do ghairmithe a oibríonn le agus ar son leanaí agus daoine óga chun cur ar a gcumas tabhairt faoi thionscnaimh rannpháirtíochta le leanaí agus daoine óga.

## Conas a chuirfear an Plean Gníomhaíochta seo i bhfeidhm agus conas a dhéanfar monatóireacht air?

Sanntar gach gníomh sa Phlean Gníomhaíochta seo do cheannasaí nó do chomhcheannasaí Roinne Rialtais nó gníomhaireachta Stáit, agus ainmnítear Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit comhpháirtíochta nuair is cuí freisin. Tugtar fráma ama táscach laistigh de shaolré an Phlean Gníomhaíochta do gach gníomh. I gcás gníomhartha a bhaineann le gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit, nó a léiríonn cur chuige ar leith chun guth leanaí agus daoine óga a leabú, féadfaidh an fráma ama seo a bheith i gceist le saolré an Phlean Gníomhaíochta, i.e. 2024-2028. Tiomsófar agus foilseofar tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar shuíomh gréasáin RLCMLÓ.

Bunóidh RLCMLÓ grúpa idir-rannach chun feasacht a ardú agus faisnéis a roinnt ar dhea-chleachtas, ar fhoghlaim agus ar fhorbairtí maidir le guth leanaí agus daoine óga a chur san áireamh sa chinnteoireacht.

Forbrófar gníomhartha nua le linn shaolré an Phlean Gníomhaíochta seo mar fhreagra ar riachtanais athraitheacha agus fócas beartais RLCMLÓ agus Ranna Rialtais eile. D'fhéadfaí réimsí nua a aithint freisin trí phróisis taighde agus mheastóireachta. Féadfaidh ceanglais ghealltanas idirnáisiúnta na hÉireann gníomhartha nua a ghiniúint freisin, lena n-áirítear i ndáil le sonraí a bhailiú agus a thuairisciú.

Déanfar faireachán foriomlán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí i *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* a ailíniú go dlúth leis an gCoiste Comhairleach trasearnála chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028, agus faoi réir ag an gCoiste sin.

# Caibidil

# 3

# Conas a forbraíodh *Rannpháirtíocht Leanaí Agus Daoine Óga i Gcinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028*

Díreoidh *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* ar bhonn na bpróiseas athbhreithnithe agus comhairliúcháin seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm gníomhartha sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020.*
- Comhairliúchán poiblí agus próiseas aighneachta oscailte.
- Comhairliúcháin spriocdhírithe le leanaí agus daoine óga maidir le cur i bhfeidhm a gcearta.
- Athbhreithniú ar chomhairliúcháin a rinne Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit le déanaí chun príomhcheisteanna do leanaí agus do dhaoine óga a aithint.

## Athbhreithniú ar chur i bhfeidhm gníomhartha sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020*

Léiríonn an tAthbhreithniú Deiridh ar an *Straitéis Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020*, (RLCMLÓ, 2023) go bhfuil 93% de na gníomhartha comhaontaithe tugtha chun críche nó ar siúl. Deimhníonn sé freisin go bhfuil Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit ag déanamh dul chun cinn gníomhach ar 92 de na 99 gníomh aontaithe a aithníodh san *Athbhreithniú Meántéarma agus sa Phlean Gníomhaíochta i gCéim a Dó den Straitéis Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2019).

**Fíor 2: Dul chun cinn bliantúil ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí san *Athbhreithniú Deiridh ar an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht 2015-2020* (RLCMLÓ, 2023)**




## Gníomhartha curtha chun cinn

Rinneadh dul chun cinn dearfach ar phríomhghníomhartha chun tuairimí leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i bhforbairt bheartas an rialtais agus i seachadadh seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. Rinneadh dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha seo a leanas:

- Gníomh 1.1: Rachaidh Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit i gcomhairle go cuí le leanaí agus daoine óga i bhforbairt beartais, reachtaíochta, taighde agus seirbhísí, le tacaíocht ó RLCMLÓ.
- Gníomh 1.2: Áireoidh gach Ráiteas Straitéise a fhoilsíonn Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga mar chuspóir agus mar ghníomh.
- Gníomh 1.3: Ag cur leis na meicníochtaí atá ann cheana féin, déanfar dul chun cinn incriminteach ar chritéir mhaoinithe do chláir agus do scéimeanna atá maoinithe go poiblí, a bhaineann le leanaí agus le daoine óga, ar gá dóibh dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga.

## Gníomhartha ar gá tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu t

Breathnaíodh ar roinnt gníomhaíochtaí sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020* mar ghníomhartha ar theastaigh monatóireacht agus fócas leanúnach uathu chun a chinntiú go gcoimeádann gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit na caighdeáin riachtanacha. Tá na gníomhartha seo mar seo a leanas:

- Gníomh 1.4: Forbróidh Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit agus a gcomhlachtaí maoinithe a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga meicníochtaí aiseolais agus gearáin a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga.
- Gníomh 6.2: Déanfar bailiú sonraí, meastóireacht agus monatóireacht ar thionscnaimh rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga chun torthaí láidre a chinntiú a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt beartas agus seirbhísí.

Tabharfar gach gníomhaíocht chomhpháirteach ar aghaidh sa Phlean Gníomhaíochta 2024-2028, agus baineann siad le gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit.

## Comhairliúchán poiblí agus próiseas aighneachta oscailte

I mí na Nollag 2022, sheol Roderic O'Gorman, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, comhairliúchán poiblí chun tuairimí agus dearcthaí an phobail a fháil chun bonn eolais a chur faoin bPlean Gníomhaíochta nua seo.

Tairgeadh dhá rogha comhairliúcháin: :

- aighneachtaí oscailte ó dhaoine aonair nó ó eagraíochtaí ag baint úsáide as teimpléad a chuir ceisteanna chun a léiriú cad atá ag obair go maith, cad nach bhfuil ag obair go maith, cad iad na gníomhartha nua atá ag teastáil, agus cad iad na tosaíochtaí ar cheart a chur san áireamh sa chreat beartais nua maidir le rannpháirtíocht leanaí agus óige; agus
- ceistneoir ar líne inar iarradh tuairimí na bhfreagróirí ar thacaíocht do leanaí agus do dhaoine óga chun guth a bheith acu sa chinnteoireacht i gceithre shuíomh – i bpobail, san oideachas, i seirbhísí sláinte agus sóisialta, agus sna cúirteanna agus san earnáil dlí – agus ar réimsí nua don chreat beartais, chomh maith lena dtuairimí ar bhealaí chun dearcthaí leanaí agus daoine óga atá faoi ghannionadaíocht a bhaint amach.

Chuaigh ceithre eagraíocht i mbun comhairliúcháin laistigh dá líonraí chun eolas a dhéanamh dá bhfreagraí scríofa. D'fhorbair eagraíocht amháin, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoil), dhá shuirbhé ar líne (ceann amháin do thuismitheoirí agus ceann do leanaí agus daoine óga) a chuir na ceisteanna a cuireadh mar chuid den phróiseas aighneachta oscailte ach le béim ar oideachas. Comhtháthaíodh torthaí an chomhairliúcháin seo le torthaí suirbhé RLCMLÓ.

## Próifíl na bhfreagróirí

Fuarthas 961 freagra ó na 3 phróiseas comhairliúcháin, lena n-áirítear 146 freagra ar shuirbhé RLCMLÓ ar líne agus 51 aighneacht scríofa. Rinne 764 duine (598 tuismitheoir agus 166 leanbh agus duine óg) suirbhé Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (le béim ar ghuthanna leanaí agus daoine óga san oideachas).

**Fíor 3: Forbhreathnú ar fhreagraí ar na próisis chomhairliúcháin éagsúla**

| Aighneachtaí ar líne | Suirbhé RLCMLÓ ar líne | Suirbhé ar líne de chuid Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (oideachas) | Freagróirí iomlána |
|---|---|---|---|
| 51 AIGHNEACHT | 136 FREAGRÓIR | 764 FREAGRÓIR | 951 FREAGRA |
| 25 eagraíocht<br>22 tuismitheoir<br>4 duine aonair | 68 gairmí<br>31 duine óg<br>29 tuismitheoir/ duine fásta<br>4 eagraíocht<br>4 scoláire | 598 tuismitheoir<br>166 leanbh agus duine óg | 649 tuismitheoir/ duine fásta<br>197 leanbh agus duine óg<br>76 gairmí<br>29 eagraíocht |

## Achoimre ar thorthaí

Tá cur síos ar thorthaí na bpróiseas comhairliúcháin sa dá fho-alt seo a leanas.

**Cad atá ag obair go maith?**

- Thug freagróirí le fios go bhfuil ag éirí go maith le beartais, straitéisí agus reachtaíocht reatha a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear daingniú an CNACL agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM); an *Straitéis Ceartais Teaghlaigh 2022-2025* (An Roinn Dlí agus Cirt, 2022); an tAthbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991; straitéisí ar leibhéal náisiúnta amhail an *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020*; agus straitéisí eagraíochtúla amhail *An Straitéis Rannpháirtíochta Leanaí agus Óige 2019-2023* (Tusla, 2019) agus *Straitéis Bhaile an Oibricigh maidir le Rannpháirtíocht Daoine Óga i gCinnteoireacht* (Baile an Oibricigh, 2017).
- Struchtúir/comhairliúcháin rannpháirtíochta (e.g. an raon struchtúr rannpháirtíochta foirmiúla amhail Comhairle na nÓg, Dáil na nÓg, Comhthionóil Náisiúnta na nÓg, comhairlí scoile, etc.), chomh maith le struchtúir laistigh d'eagraíochtaí óige (e.g. Foróige/Comhairle Náisiúnta na nÓg).
- Tugadh modheolaíochtaí rannpháirtíochta faoi deara ag baint úsáide as múnla rannpháirtíochta Lundy, úsáid modheolaíochtaí cruthaitheacha agus cuí chun tuairimí leanaí agus daoine óga a dhaingniú, agus úsáid mhéadaithe ardán ar líne agus digiteach le linn na paindéime COVID-19 mar rannpháirtíocht atá ag leathnú.
- Feasacht mhéadaithe i measc leanaí agus daoine óga ar a gceart chun tuairime, chomh maith le tacaíocht agus abhcóideacht a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga ionas go mbeadh siad in ann a dtuairimí a chur in iúl.
- Chuir forbairt feabhsaithe acmhainne trí thaighde, oiliúint agus feasacht leis an mbonn fianaise atá ag dul i méid agus feasacht ar cheart leanaí agus daoine óga tuairim a bheith acu sa chinnteoireacht.

**Cad nach bhfuil ag obair go maith? ?**

- Chuir na freagróirí béim ar fheasacht íseal ar chearta agus tuiscint theoranta ar na struchtúir rannpháirtíochta reatha, chomh maith le heaspa feasachta i measc roinnt daoine fásta ar luach tuairimí na hóige agus ar na buntáistí a bhaineann le leanaí agus daoine óga a lorg agus éisteacht leo.
- Bhí imní ann nach ndéantar ionadaíocht do gach leanbh agus duine óg i gcomhairliúcháin, i struchtúir rannpháirtíochta agus i gcinnteoireacht.
- Leanúint, aiseolas agus tionchar teoranta, agus ní thugtar dóthain airde ar lúba aiseolais.
- Tugadh le fios go raibh guthanna roinnt leanaí agus daoine óga nach gcloistear uathu go minic in easnamh ó bheartais agus reachtaíocht náisiúnta agus ó chinnteoireacht áitiúil (e.g. maidir le forbairt ceantair áitiúil, tithíocht, foirgnimh scoile, agus spásanna sóisialta agus fóillíochta).
- Déanann an tionchar nach bhfuiltear ag freastal ar bhunriachtanais leanaí agus daoine óga dochar dá n-acmhainn a bheith rannpháirteach go bríoch sa chinnteoireacht; mar shampla, maidir le heaspa tithíochta, easpa seirbhísí/ liostaí fada feithimh, bochtaineacht dhigiteach, nó éifeacht na díobhála folaithe.

Tá tuarascáil iomlán na gcomhairliúchán a thug treoir do *Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028* ar fáil ar: https://hubnanog.ie/report-on-the-public-consultation-on-the-next-government-policy-framework-for-the-participation-of-children-and-young-people-in-decision-making

## Comhairliúcháin spriocdhírithe le leanaí agus daoine óga maidir le cur i bhfeidhm a gcearta

Thug an RLCMLÓ faoi shraith chomhairliúcháin le leanaí agus daoine óga chun a dtuairimí a fháil maidir le cur i bhfeidhm chearta leanaí agus daoine óga in Éirinn. Rinneadh na comhairliúcháin i gcomhthéacs ullmhúcháin an Stáit do thuarascálacha na hÉireann chuig Coistí na Náisiún Aontaithe (NA) um Chearta an Linbh agus um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus chuig Coiste Cearta Daonna na NA faoin bpróiseas Athbhreithnithe Tréimhsiúil Uilechoiteann in 2022.

Tugadh faoi dhá phróiseas comhairliúcháin. Sa chéad cheann, aithníodh 1,215 leanbh idir 4 agus 13 bliana d'aois i 21 bunscoil, agus sa dara ceann, aithníodh 46 duine óg idir 13-18 mbliana d'aois ó Chomhairle na nÓg a bhí roghnaithe (comhairlí óige). Foilsíodh tuarascáil na gcomhairliúchán seo in *Comhairliúchán le Leanaí agus Daoine Óga maidir le Cearta Leanaí* (RLCMLÓ 2021).

Tháinig leanaí agus daoine óga rannpháirteacha ó áiteanna éagsúla (uirbeacha/ tuaithe) agus bhí siad sách ionadaíoch ar dhaonraí níos deacra rochtain a fháil orthu (leanaí a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi mhíbhuntáiste, daoine nach bhfuil Béarla acu nó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (lena n-áirítear Neamhord Speictream an Uathachais).

Reáchtáladh comhairliúcháin bhreise in 2022 le cúramóirí óga, daoine óga ó mhionlaigh eitneacha óga agus daoine óga atá gan dídean, nó atá i mbaol a bheith gan dídean.

## Athbhreithniú ar chomhairliúcháin a rinne Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit le déanaí chun príomhcheisteanna do leanaí agus do dhaoine óga a aithint

Ina theannta sin, mar chuid den ullmhúcháin do thuarascáil na hÉireann chuig Coiste na NA um Chearta an Linbh, choimisiúnaigh RLCMLÓ athbhreithniú ar chomhairliúcháin a rinne Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit le déanaí chun:

- príomhcheisteanna a d'ardaigh leanaí agus daoine óga a bhaineann leis an CNACL a shainaithint;
- forbhreathnú a sholáthar ar na téamaí atá ag teacht chun cinn a bhaineann le cearta leanaí a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear sainghrúpaí); agus
- aird a tharraingt ar aon bhearnaí a d'ardaigh na comhairliúcháin.

San iomlán, cuireadh 20 comhairliúchán le 14,567 leanbh agus duine óg idir 5 agus 26 bliana d'aois san áireamh san athbhreithniú seo, a foilsíodh in 2022 in *Athbhreithniú ar chomhairliúcháin le leanaí agus daoine óga san am a chuaigh thart* (RLCMLÓ, 2022) mar chuid de phróiseas tuairiscithe an CNACL.

Roinn leanaí agus daoine óga a n-eispéiris ar sheirbhísí sonracha, amhail an córas cúram leanaí, rialacháin uchtála, soláthar díreach, agus Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.

# Caibidil

# 4

# Struchtúir agus meicníochtaí maoinithe ag RLCMLÓ a thacaíonn le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht

Maoiníonn RLCMLÓ raon leathan struchtúr agus meicníochtaí chun tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht. Is iad seo an príomhstruchtúr chun an Plean Gníomhaíochta seo a chur i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na struchtúir agus na meicníochtaí a mhaoiníonn RLCMLÓ:

- Hub na nÓg, an t-ionad bairr feabhais ar rannpháirtíocht leanaí agus óige
- An *Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht 2015-2020* bunaithe ar mhúnla Lunday ar rannpháirtíocht leanaí
- Cláir oiliúna chun cumas a fhorbairt
- An Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta
- Comhairle na nÓg
- An *Plean Forbartha Cúig Bliana de chuid Chomhairle na nÓg* (RLCMLÓ, 2021)
- Dáil na nÓg, Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg agus Seanad na nÓg.
- Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann.

## Hub na nÓg

Príomhthiomantas sa *Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht, 2015-2020* a bhí i mbunú Hub na nÓg mar mhodh chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise.

Is ionad náisiúnta bairr feabhais agus comhordaithe é Hub na nÓg. Tacaíonn sé le Ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí Stáit agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun tuairim a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar a saol, le béim ar leith ar thuairimí na ndaoine sin nach gcloistear uathu go minic. Tá Hub na nÓg i gceannas freisin ar nuálaíocht i modhanna agus cur chuige chun gach leanbh agus duine óg chur san áireamh sa chinnteoireacht chun inrochtaineacht agus uilechuimsitheacht i rannpháirtíocht i gcleachtais chinnteoireachta a chinntiú.

Is téarma é 'ní chloistear uathu go minic' a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar leanaí agus daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna agus níos mó constaicí acu ina saol. Féadfaidh sé seo an méid seo a leanas a chur san áireamh, ach níl sé teoranta dó: babaithe, lapadáin agus leanaí faoi 5 bliana d'aois; leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas; leanaí agus daoine óga a bhfuil néara-éagsúlacht acu, a bhfuil fadhbanna

meabhairshláinte acu, i gcúram, agus/nó in iarchúram; leanaí agus daoine óga ó chúlraí mionlaigh eitneacha, ceantair thuaithe, agus/nó limistéir faoi mhíbhuntáiste; leanaí agus daoine óga atá gan dídean; cúramóirí óga; leanaí príosúnach; leanaí agus daoine óga atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, aiteach, idirghnéasach, agus daoine eile (LADTAI+); leanaí agus daoine óga ciúine; agus mionaoisigh gan duine fásta in éineacht leo atá os cionn 18 mbliana d'aois.

## *Creat Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht*

D'fhoilsigh Hub na nÓg an *Creat Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* in 2021 i gcomhar leis an Ollamh Laura Lundy. Tacaíonn an Creat seo le Ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí Stáit agus le heagraíochtaí eile a gcleachtais a fheabhsú maidir le héisteacht le leanaí agus le daoine óga agus tuairim a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht. Díríonn an Creat ar rannpháirtíocht aonair agus chomhchoiteann leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht, cibé acu a tharlaíonn sé go pearsanta, ar líne nó an dá rud.

Teastaíonn tiomantas láidir eagraíochtúil le rannpháirtíocht bhríoch agus leanúnach leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht, agus tá ceithre thoisc chumasúcháin ag tacú le cur i bhfeidhm an Chreata: tacaíocht eagraíochtúil, oiliúint agus tógáil acmhainne do chinnteoirí, acmhainní (airgeadais, daonna, ama), agus monatóireacht agus aiseolas.

## Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta (ONR) sa bhliain 2021 laistigh de RLCMLÓ chun gníomhaíochtaí Chomhairle na nÓg (comhairlí óige), Dháil na nÓg (parlaimint na n-óg), Sheanad na nÓg (Seanad na nÓg), Fheidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg, Thionól Náisiúnta Óige na hÉireann (TNÓÉ), agus tionscnaimh agus struchtúir rannpháirtíochta óige ghaolmhara eile a bhainistiú agus a chomhordú.

Feidhmíonn an ONR faoi threoir agus faoi mhaoirseacht RLCMLÓ agus tá freagracht uirthi as maoirsiú agus cur i bhfeidhm *Phlean Forbartha Cúig Bliana Chomhairle na nÓg*, a bhfuil sé mar aidhm aige Comhairle na nÓg a neartú agus a fhorbairt le bheith mar phríomhstruchtúr rannpháirtíochta na n-óg in Éirinn. Stiúrann, maoirsíonn agus tacaíonn RLCMLÓ le hobair an ONR maidir le comhoibriú ar rannpháirtíocht trasrialtais le Comhairle na nÓg agus struchtúir rannpháirtíochta eile, rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara agus forbairt chaidrimh.

## Comhairle na nÓg

Ó 2002 i leith, tá Comhairle na nÓg (comhairlí óige áitiúla) ag tabhairt gutha do dhaoine óga in Éirinn maidir le forbairt polasaithe agus seirbhísí áitiúla i ngach ceann de na 31 údarás áitiúil. Tagann daoine óga idir 12-18 mbliana d'aois ina mbaill dá gComhairle na nÓg áitiúil trína gcuid scoileanna, eagraíochtaí óige agus grúpaí pobail.

Chomh maith le bheith ina struchtúr náisiúnta aitheanta do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht sna 31 údarás áitiúil ar fad, cuireann Comhairle na nÓg guth ar fáil do dhaoine óga sa chinnteoireacht go náisiúnta trí Dháil na nÓg (parlaimint náisiúnta na nÓg), Seanad na nÓg (seanad na n-óg), an TNÓÉ, agus comhairliúcháin rialtais ar bheartas náisiúnta. Tacaíonn Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg agus foireann Oifigigh Rannpháirtíochta an ONR le líonra chomhairlí óige de chuid Chomhairle na nÓg.

### *An Plean Forbartha Cúig Bliana de chuid Chomhairle na nÓg*

Tá an Plean Forbartha Cúig Bliana de chuid Chomhairle na nÓg a seoladh in 2021, á chur i bhfeidhm faoi láthair. Cuireann an Plean Forbartha Cúig Bliana le láidreachtaí Chomhairle na nÓg mar struchtúr chun cead a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga tuairim a bheith acu i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu. Tá sé mar aidhm ag an bPlean go rachaidh Comhairle na nÓg i dteagmháil le níos mó leanaí agus daoine óga, go mbeidh tionchar aici ar níos mó cinnteoirí agus go gcomhlíonfaidh sí Airteagal 12 den CNACL chun fíordhifríocht a dhéanamh i saolta daoine óga.

Leagann an *Plean Forbartha Cúig Bliana de chuid Chomhairle na nÓg* fís agus misean soiléir amach do Chomhairle na nÓg do na 5 bliana atá clúdaithe ag an bPlean, tacaithe ag sraith luachanna a chuireann na tuairimí coiteanna maidir lena bhfuil tábhachtach do phobal Chomhairle na nÓg in iúl.

## Dáil na nÓg agus Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg

Ó 2001 i leith, reáchtáladh parlaimint náisiúnta na n-óg do dhaoine óga 12-18 mbliana d'aois, Dáil na nÓg, gach dhá bhliain, arna hóstáil ag an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Freastalaíonn thart ar 200 toscaire tofa ó 31 Chomhairle na nÓg ar Dháil na nÓg chun saincheisteanna a phlé a vótálann gach Comhairle orthu, nithe a mbeadh tábhacht ag baint leo do dhaoine óga ina gceantar. Ó 2024 ar aghaidh, beidh an ócáid seo ar siúl i Seomra na Dála, le cúnamh ó Oifig Rannpháirtíochta Saoránach Thithe an Oireachtais.

Vótálann na toscairí ar na saincheisteanna agus déanann siad moladh d'Fheidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg oibriú orthu thar a théarma 2 bhliain. Is grúpa ionadaíoch é Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg de 31 duine óg ó gach Comhairle a bhfuil sé de chúram orthu ceist a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi do dhaoine óga a chur chun cinn.

Tacaíonn an RLCMLÓ le clár oibre Fheidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg chun dul i dteagmháil le tionchairí, páirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas ábhartha agus chun a chinntiú go léirítear tuairimí leanaí agus daoine óga go cuí agus go bríoch i gcinnteoireacht an rialtais.

## Seanad na nÓg

Reáchtáladh an chéad Seanad na nÓg in 2022 mar chuid den cheiliúradh Seanad100. Ag cur le rath na hócáide, oibreoidh an RLCMLÓ agus Tithe an Oireachtais le chéile chun an nasc leanúnach idir an Chomhairle agus an Seanad a éascú, i gcomhar le heagraíochtaí óige eile.

Gach 2 bhliain, agus ag malartú le Dáil na nÓg, iarrfaidh daoine óga na Comhairle rochtain ar Sheomra an tSeanaid chun plé, díospóireacht agus vótáil a dhéanamh ar na príomhcheisteanna ar mian leo go ndéanfadh an Seanad díospóireacht orthu.

## Taispeántas Comhairle na nÓg

Tugann Taispeántas débhliantúil Chomhairle na nÓg suas le 500 duine óg le chéile chun ionadaíocht a dhéanamh ar a gComhairle, a gcuid oibre a chur i láthair d'ionadaithe áitiúla agus náisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh, agus líonrú lena chéile. Tá an dara cuid den lá bunaithe ar cheardlanna ar ábhair a roghnaíodh roimhe seo ag leibhéal áitiúil na Comhairle. Sna blianta amach romhainn díreofar an ócáid seo ar thopaic aontaithe a aithint do Sheanad na nÓg, a reáchtálfar sa bhliain chéanna le gach Taispeántas de chuid Chomhairle na nÓg.

## Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann (TNÓÉ)

Bhunaigh an RLCMLÓ an TNÓÉ in 2022 chun freastal ar phríomhghealltanais sa Chlár don Rialtas trí chomhoibriú go dlúth le Ranna Rialtais eile chun Comhthionóil Náisiúnta Óige a thionól ar shainréimsí beartais. Déanann an TNÓÉ moltaí chun eolas a thabhairt do bheartas an rialtais ar réimsí amhail aeráid, forbairt tuaithe agus saincheisteanna eile atá tábhachtach do dhaoine óga. Tacaíonn RLCMLÓ agus an ONR leis na Ranna Rialtais ábhartha lena chinntiú go n-éascaítear go héifeachtach do thoscairí óga TNÓÉ a dtuairimí a chur in iúl agus go gcuirfí ar an eolas iad faoin tionchar atá ag a gcuid tuairimí.

Is í príomhfheidhm an TNÓÉ ná bealach córasach a sholáthar chun glórtha daoine óga na hÉireann a ghabháil agus é sin a chothú go díreach i mbeartas an rialtais. Féadfaidh na teachtaireachtaí agus na moltaí a dhéanann an TNÓÉ a bheith mar chuid de chomhthionóil saoránach agus comhairliúcháin eile le saoránaigh níos leithne.

## Idirphlé Óige an AE

Tugann próiseas Idirphlé Óige an AE deis do dhaoine óga ar fud na hEorpa a dtuairimí a chur in iúl faoi chinntí a théann i bhfeidhm ar a saol. Is próiseas é a thugann le chéile daoine óga agus lucht déanta beartas ó ar fud an Aontais Eorpaigh (AE) chun tograí a phlé, a fhoirmiú agus a chur chun cinn le chéile chun beartas óige a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE.

Cuirtear Idirphlé Óige an AE chun feidhme i dtimthriallta oibre 18 mí, agus dírítear gach ceann acu ar ábhar amháin (tosaíocht théamach fhoriomlán), a phléann daoine óga agus lucht déanta beartas i ngach Ballstát den AE. Feidhmíonn torthaí na bpléití seo mar bhonn coiteann don chomhphlé idir daoine óga agus ionadaithe ón aireacht ó bhallstáit uile an AE ag Comhdhálacha Óige an AE, a eagraíonn gach Uachtaránacht AE gach sé mhí.

Ansin tugtar na tograí beartais a eascraíonn as Idirphlé Óige an AE chuig na Ballstáit i gComhairle an Aontais Eorpaigh, a chinneann ar cheart iad a chur san áireamh i ndoiciméid na Comhairle a leagann síos cleachtais agus caighdeáin choiteanna do bheartas óige an AE.

Tá freagracht iomlán ar Ghrúpa Oibre Náisiúnta, ar a bhfuil ionadaithe ó na páirtithe leasmhara ábhartha agus RLCMLÓ ina chathaoirleach, as Idirphlé Óige an AE in Éirinn. Tá ról lárnach ag Comhairle Náisiúnta na nÓg i dtacú le cur i bhfeidhm Chomhphlé Óige an AE trína clár Guthanna Óga.

## Clár Guthanna Óga

Young Tá Guthanna Óga á chur i bhfeidhm ag CNÓÉ i gcomhpháirtíocht le RLCMLÓ agus an Grúpa Oibre Náisiúnta ar Chomhphlé Óige an AE.

Is clár é Guthanna Óga a chuireann deiseanna leanúnacha ar fáil do dhaoine óga idir 16-30 bliain d'aois a bhfuil spéis acu in athrú a dhéanamh, agus a oibríonn ar na réimsí téamacha a shainaithin Uachtaránachtaí an AE.

Is é an dúshlán atá roimh Ghuthanna Óga ná na saincheisteanna a fhiosrú, dul i gcomhairle leis an oiread daoine óga agus is féidir agus, ar deireadh, gníomhartha a mholadh a bhféadfadh toradh dearfach a bheith orthu do dhaoine óga ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE.

## Cláir oiliúna rannpháirtíochta

Soláthraíonn Hub na nÓg oiliúint shaincheaptha agus cláir oiliúna spriocdhírithe earnála bunaithe ar chur chuige um chearta an linbh maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht ar aon dul leis an CNACL agus bearta sa CNACDM maidir le guth an linbh. Tacaíonn an oiliúint le heagraíochtaí leanaí agus daoine óga a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht i ngach gné dá mbeartas, dá bpleanáil, dá gcleachtas, dá seirbhísí agus dá gcultúr.

Is éard atá i gceist le hoiliúint agus forbairt ná foghlaim theoiriciúil, scileanna pleanála agus scileanna praiticiúla bunaithe ar chur chuige um chearta an linbh maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht.

Tá dearadh oiliúna agus forbartha Hub na nÓg bunaithe ar phróiseas Anailíse Riachtanais Oiliúna a rinneadh le Ranna Rialtais/gníomhaireachtaí Stáit, comhlachtaí Stáit agus eagraíochtaí eile a iarrann oiliúint nó forbairt. Déanann Hub na nÓg oiliúint a dhearadh agus a sheachadadh freisin a ghlacann cur chuige earnála spriocdhírithe chun cumas a thógáil do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bpróisis chinnteoireachta i suíomhanna laethúla. Áirítear leis seo oiliúint dhíreach a dhearann agus a sholáthraíonn Hub na nÓg do rannpháirtithe, chomh maith le húsáid clár oiliúna 'oiliúint a chur ar an oiliúnóir', acmhainn a mhéadú laistigh d'earnálacha chun daoine eile a oiliúint agus raon na hoiliúna a leathnú le haghaidh rannpháirtíochta sa chinnteoireacht i spásanna laethúla i saol leanaí agus daoine óga.

Tuairiscíonn páirtithe leasmhara atá faoi oiliúint ag Hub na nÓg an luach atá le foghlaim theoiriciúil agus scileanna praiticiúla a fháil atá oiriúnaithe do ról agus d'obair a n-eagraíochtaí. Tugann siad faoi deara freisin go bhfuil ar a gcumas próisis rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga a phleanáil, agus éisteacht ar bhealach níos éifeachtaí le leanaí agus daoine óga agus a chinntiú go nglactar a dtuairimí i ndáiríre, agus go bhféadfaí toradh nó athrú dearfach a bhaint amach.



# Caibidil

# 5

# *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta Do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028*

Cuirfear an Plean Gníomhaíochta seo i bhfeidhm i gcomhar le *hÉire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028*, (RLCMLÓ, 2023) a seoladh an 21 Samhain 2023. Sa Chreat Éire Óg:

- leagtar amach na deacrachtaí atá aitheanta acu a théann i bhfeidhm ar leanaí agus daoine óga mar atá léirithe sa Tacar Táscairí do Leanaí agus do Dhaoine óga agus mar atá léirithe le déanaí ag Coiste na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh;
- leagtar amach an obair atá riachtanach chun timpeallacht a chruthú a chinntíonn go bhfuil leanaí agus daoine óga mar chuid lárnach de chlár oibre gach duine;
- fógraítear cláir spotsolais chun díriú ar na dúshláin is suntasaí atá roimh leanaí agus daoine óga in Éirinn, agus tá áiseanna trasrialtais leis seo;
- athbhunaítear struchtúir rialachais trína n-oibreoidh an Stát le comhpháirtithe na sochaí sibhialta chun ceannaireacht agus spreagadh athnuaite a sholáthar chun gealltanais bheartais nua agus atá ann cheana a bhaint amach;
- sainaithnítear na réimsí tosaíochta a éilíonn gníomh comhordaithe ar fud an Rialtais; agus
- aithnítear roinnt gníomhartha comhlántacha le dul i ngleic le fadhbanna a aithníodh agus an creat seo á fhorbairt.

Coimeádann Creat Éire Óg na cúig réimse toraidh de *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An creat beartais náisiúnta do leanaí & do dhaoine óga 2014-2020*, is iad sin go mbeidh leanaí agus daoine óga:

- gníomhach agus sláintiúil,
- ag baint éachta amach i bhfoghlaim agus i bhforbairt,
- sábháilte agus cosanta ó dhochar,
- slándáil agus deiseanna eacnamaíocha acu, agus
- nasctha leis, meas acu ar agus ag cur lena ndomhan.

Éilíonn sé seo roinnt gníomhartha ar leibhéal sistéamach chun timpeallacht chumasúcháin a thógáil ina bhféadfaidh siad a gcearta agus a bhfolláine a chur mar chuid lárnach de bheartas agus de chinnteoireacht. Is cuid lárnach den timpeallacht chumasúcháin é rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht chun tacú le fíorú iomlán chearta leanaí agus daoine óga.

## Rannpháirtíocht daoine óga i monatóireacht a dhéanamh ar *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028*

Roghnaíodh an TNÓÉ – ar a bhfuil baill ó Chomhairle na nÓg (12–18 mbliana d'aois), Guthanna Óga, agus daoine óga idir 18–24 bliana d'aois arna n-ainmniú ag eagraíochtaí náisiúnta óige – mar struchtúr trínar féidir peirspictíocht óige a sholáthar ar na réimsí fócais den Chreat Éire Óg, agus chun cur leis an gCoiste Comhairleach trasearnála a bunaíodh chun monatóireacht agus cur síos a dhéanamh ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an Chreata Éire Óg. Maidir le hionadaíocht óige ar an gCoiste Comhairleach, aithneofar duine óg amháin faoi 18 mbliana d'aois agus duine óg amháin idir 18-24 bliana d'aois mar ionadaithe TNÓÉ trí phróiseas léirithe spéise.

## Ionchur daoine óga ar cheisteanna lárnacha an Chreata Éire Óg

Bainfear úsáid as Cruinnithe Ginearálta Bliantúla Chomhairle na nÓg agus imeachtaí líonraithe réigiúnacha chun tuairimí a bhailiú ó chomhaltaí Chomhairle na nÓg maidir leis na saincheisteanna fócais, ag cur isteach ar phlé níos leithne an TNÓÉ agus ag soláthar boinn níos leithne do ghuthanna na ndaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann leasanna réigiúnacha agus áitiúla araon a thabhairt chuig an gCreat Éire Óg agus cinnteoidh sé go mbeidh an próiseas ionadaíoch.

Ar mhaithe le hionchur sa chreat beartais, cuirfear ceist bhreise le Cruinnithe Ginearálta Bliantúla Chomhairle na nÓg ina bpléifidh daoine óga go háitiúil saincheisteanna atá tábhachtach do dhaoine óga, agus ina vótálfaidh na daoine óga a bheidh i láthair ar ábhar don Chomhairle áitiúil le dul chun cinn a dhéanamh ina leith.

Bailíonn imeachtaí líonraithe réigiúnacha ionadaithe ó gach Comhairle chun saincheisteanna réigiúnacha a phlé, áit ar féidir ceist den chineál céanna a chur. Dá bhrí sin cheadódh an rogha seo leasanna réigiúnacha agus áitiúla araon a thabhairt chuig struchtúr monatóireachta an Chreat Éire Óg, agus chinnteodh sé go mbeadh an próiseas ionadaíoch.

Pléifidh toscairí an TNÓÉ na saincheisteanna fócais i ngrúpaí níos lú dhá nó trí huaire in aghaidh na bliana. Sna cásanna seo, beidh ionadaithe de chuid Ghuthanna Óga ar an TNÓÉ páirteach sna grúpaí plé, ag cinntiú go gcoimeádtar nasc le struchtúr níos leithne an AE.

Déanfaidh ionadaithe an TNÓÉ ionadaíocht ar thuairimí na ndaoine óga ar an gCoiste Comhairleach.

Bainfear úsáid as na struchtúir seo freisin chun eolas a thabhairt don Phainéal Comhairleach Cumarsáide Óige (do leanaí agus do dhaoine óga 12-24 bliana d'aois) maidir le príomhtheachtaireachtaí agus príomhréimsí a bhaineann le daoine óga a aithint, ag eascairt as fócas an Chreata Éire Óg.

# Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht: Plean Gníomhaíochta 2024-2028

| **Réimse Gníomh-aíochta 1** | **Glór leanaí agus daoine óga a leabú sa chinnteoireacht agus i bhforbairt beartais, reachtaíochta agus taighde ar fud an rialtais** | **Freagracht** | | **Fráma ama** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ceannasaí/ comhcheannasaí** | **Comhpháirtí** | **2024-2028** | | | | |
| **1.1** | Dul i gcomhairle go cuí le leanaí agus le daoine óga i bhforbairt beartais, reachtaíochta, taighde agus seirbhísí, le tacaíocht ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) más gá. Aiseolas a sholáthar go tráthúil ar thoradh na bpróiseas rannpháirtíochta. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.1a** | Tionól Óige Tuaithe a thionól gach bliain faoi Thionól Náisiúnta Óige na hÉireann chun fóram a chur ar fáil do dhaoine óga chun saincheisteanna beartais a bhaineann le ceapadh beartais náisiúnta forbartha tuaithe a aithint agus a phlé, agus chun nuashonruithe a sholáthar maidir le moltaí a d'eascair ón Tionól Óige Tuaithe roimhe seo. | RLCMLÓ/an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta (ONR) | 24 √ | 25 √ | 26 | 27 | 28 |
| **1.1b** | Tionól Náisiúnta na nÓg ar an Aeráid a thionól gach bliain chun fóram a chur ar fáil le haghaidh plé agus chun tuairimí daoine óga ó ar fud na hÉireann a fháil maidir le saincheisteanna aeráide a d'fhéadfaí a chur san áireamh i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann. | RLCMLÓ/an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide | ONR | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.1c** | Daoine óga a chur san áireamh sa phróiseas Idirphlé Eacnamaíochta Náisiúnta. | An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN/An Roinn Airgeadais | RLCMLÓ | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.1d** | Comhairle na nÓg agus Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann, na struchtúir bhuana aitheanta rannpháirtíochta le haghaidh leanaí agus daoine óga, a úsáid mar mheicníocht chomhairleach. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.1e** | Ionadaíocht a lorg trí Chomhairle na nÓg/ Tionól Náisiúnta Óige na hÉireann/Guthanna Óga nó trí fhóram eile don óige nuair a bhíonn daoine óga san áireamh ar choistí nó ar ghrúpaí comhairleacha. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.2** | Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chur san áireamh mar chuspóir i Ráitis Straitéise na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí Stáit agus gníomhaíochtaí sonracha chuige sin a chur san áireamh sna pleananna gnó bliantúla. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.3** | An ceanglas dul i gcomhairle le leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i gcritéir mhaoinithe do chláir agus do scéimeanna maoinithe go poiblí a bhaineann le leanaí agus daoine óga san áireamh. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **1.4** | Cinntiú go bhfuil meicníochtaí aiseolais agus gearáin a thacaíonn le leanaí agus daoine óga i bhfeidhm nuair a bhíonn Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit agus a gcomhlachtaí maoinithe ag soláthar seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |

| Réimse Gníomh-aíochta 1 | Glór leanaí agus daoine óga a leabú sa chinnteoireacht agus i bhforbairt beartais, reachtaíochta agus taighde ar fud an rialtais | Freagracht | | Fráma ama | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ceannasaí/ comhcheannasaí | Comhpháirtí | 2024-2028 | | | | |
| 1.5 | Dul i gcomhairle le leanaí agus daoine óga mar chuid den phróiseas tuairiscithe ar ionstraimí idirnáisiúnta a bhaineann lena saolta agus lena bhfolláine, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann ar Éirinn, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, athbhreithnithe agus straitéisí na hEagraíochta Domhanda Sláinte, agus athbhreithnithe agus straitéisí Chomhairle na hEorpa. | Gach Roinn Rialtais agus gníomhaireacht Stáit | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 1.6 | Cinntiú go dtabharfar faoi chomhairliúcháin le raon leathan leanaí agus daoine óga don staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn agus tionscadail taighde dá leithéid chun eolas a chur ar fáil do bhailiú sonraí agus d'fhorbairt beartais. | RLCMLÓ | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 1.7 | Cinntiú go leanann próiseas Idirphlé Óige an AE ag tabhairt deis do dhaoine óga a dtuairimí a chur in iúl faoi chinntí a théann i bhfeidhm ar a saol. Daoine óga agus lucht déanta beartas ar fud an Aontais Eorpaigh a thabhairt le chéile chun tograí a phlé, a chur le chéile agus a chur chun cinn le chéile chun beartas óige a fhorbairt ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na hEorpa. | RLCMLÓ | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 1.8 | Dul i gcomhairle le leanaí agus daoine óga mar chuid de ghealltanas an Chláir don Rialtas chun an ghníomhaireacht Stáit don Luathfhoghlaim agus don Chúram (LFC) agus don Chúram Leanaí d'Aois Scoile (CLAS) a bhunú. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 1.9 | Grúpa oibre trasrialtais a bhunú chun cuimsiú leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht a chur chun cinn agus chun cumas a fhorbairt chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata Náisiúnta Rannpháirtíochta a chinntiú i ngach Roinn Rialtais. | RLCMLÓ | | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 1.10 | Úsáid a bhaint as struchtúir bhunaithe rannpháirtíochta leanaí an rialtais lena chinntiú go bhfuil leanaí feasach ar, agus go gcuireann siad go díreach isteach i ngníomh spotsolais trasrialtais ar bhochtaineacht agus folláine leanaí mar chuid de *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028*, agus i bhforbairt leaganacha oiriúnacha leanaí de na príomhaschuir. | Roinn an Taoisigh | Hub na nÓg/ RLCMLÓ | 24 √ | 25 √ | 26 | 27 | 28 |

| Réimse Gníomh-aíochta 2 | Acmhainn a fhorbairt ar fud na n-earnálacha go léir a bhaineann le saol leanaí agus daoine óga chun iad chur san áireamh sa chinnteoireacht | Freagracht | | Fráma ama | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ceannasaí/ comhcheannasaí | Comhpháirtí | 2024-2028 | | | | |
| 2.1 | Leanúint ar aghaidh ag neartú agus ag feabhsú struchtúr rannpháirtíochta na n-óg agus ag leathnú raon agus tionchair ghuthanna daoine óga sa chinnteoireacht. | RLCMLÓ | ONR | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.1a | Rannpháirtíocht le Seirbhís Thithe an Oireachtais a fheabhsú chun tionscnaimh rannpháirtíochta óige a sheachadadh san Oireachtas. | Tithe an Oireachtais/ RLCMLÓ | ONR | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.2 | Tacú le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta Rannpháirtíochta trí oiliúint, oideachas, acmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar ar fud na n-earnálacha go léir a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear oideachas, seirbhísí sláinte, seirbhísí sóisialta, ceartas, luathbhlianta, obair óige, agus údaráis áitiúla. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.3 | Modúl ar líne saor in aisce a fhorbairt agus a chur ar fáil ar an gCreat Náisiúnta Rannpháirtíochta (atá ailínithe le struchtúir fhoghlama ghairmiúla, creidiúnú agus líonraí) a leagann amach an comhthéacs dlí, beartais agus taighde, chomh maith leis na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i cinnteoireacht trasna na n-earnálacha ar fad. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.4 | Feachtais feasachta a fhorbairt chun cultúr éisteachta le leanaí agus daoine óga a chothú, agus chun a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht a éascú ina n-árais teaghlaigh, ina scoileanna, ina bpobail agus ina n-institiúidí cathartha. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.5 | Bonn fianaise a fhorbairt ar na buntáistí a bhaineann le guthanna leanaí agus daoine óga chur san áireamh sa chinnteoireacht agus ar mhodheolaíochtaí a thacaíonn le leanaí. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.6 | Ábhair oideachais a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga ar a gceart a bheith rannpháirteach, cur lena n-acmhainn a dtuairimí a chur in iúl, agus feasacht a ardú maidir le deiseanna rannpháirtíochta. | An Roinn Oideachais | | 24 √ | 25 √ | 26 | 27 | 28 |
| 2.7 | Conairí, tacaíochtaí agus modheolaíochtaí a fhorbairt chun cothromas rannpháirtíochta a chinntiú do gach leanbh agus duine óg agus oibriú chun deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga nach gcloistear uathu go minic. | RLCMLÓ | Gach Roinn Rialtais | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| 2.8 | Staidéar siarghabhálach a choimisiúnú chun leibhéil tionchair ar chinnteoireacht na dtionscnamh rannpháirtíochta a scrúdú, agus meicníochtaí faireacháin a fhorbairt chun a chinntiú go n-eascróidh tionscnaimh amach anseo go dtabharfar aird ar ghuth na leanaí agus na ndaoine óga sa chinnteoireacht agus go dtugtar aiseolas tráthúil dóibh siúd a ghlacann páirt i dtionscnaimh rannpháirtíochta. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |

| Réimse Gníomh-aíochta 2 | Acmhainn a fhorbairt ar fud na n-earnálacha go léir a bhaineann le saol leanaí agus daoine óga chun iad chur san áireamh sa chinnteoireacht | Freagracht | | Fráma ama | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ceannasaí/ comhcheannasaí | Comhpháirtí | 2024-2028 | | | | |
| **2.9** | Taighde a choimisiúnú chun samplaí de dhea-chleachtas bunaithe ar fhianaise ó thíortha eile a aithint. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **2.10** | Cód treorach eiticiúil a fhorbairt le haghaidh cleachtais rannpháirtíochta. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **2.11** | Doiciméad treorach a fhorbairt do lucht déanta beartas agus dóibh siúd a éascaíonn rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas sa chinnteoireacht. | RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **2.12** | Modheolaíochtaí cruthaitheacha a fhorbairt, bunaithe ar na healaíona, do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht. | Éire Ildánach | RLCMLÓ/ Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |

| **Réimse Gníomh-aíochta 3** | **Cuimsiú leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht ina bpobail agus ina dtithe a chur chun cinn;** | **Freagracht** | | **Fráma ama** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ceannasaí/ comhcheannasaí** | **Comhpháirtí** | **2024-2028** | | | | |
| **3.1** | Oibriú le húdaráis áitiúla chun gníomhartha ábhartha ó *Phlean Forbartha Cúig Bliana de chuid Chomhairle na nÓg* a chur i bhfeidhm. | RLCMLÓ/ONR | Údaráis áitiúla | 24 √ | 25 √ | 26 | 27 | 28 |
| **3.2** | Measúnú a dhéanamh ar conas is féidir le ballraíocht Chomhairle na nÓg tionchar guthanna leanaí agus daoine óga a leathnú sa chinnteoireacht ag leibhéal an phobail áitiúil taobh amuigh de struchtúir na Comhairle, ag síneadh amach chuig grúpaí pobail/seirbhísí óige, eagraíochtaí spóirt, agus scoileanna. | ONR | Údaráis áitiúla | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **3.3** | Cinntiú go n-áiríonn údaráis áitiúla tuairimí leanaí agus daoine óga i ndréachtú na bpleananna áitiúla go léir a mbíonn tionchar acu ar shaol leanaí agus daoine óga thar gach ábhar, lena n-áirítear na healaíona, leabharlanna, comhpháirtíochtaí spóirt, coistí um bheartas straitéiseach, coistí forbartha pobail áitiúla, cláir cheannairí, pleananna gníomhaíochta PEACEPLUS, agus pleananna forbartha contae ach gan a bheith eisiach dóibh. Ní mór na gealltanais seo a thuairisciú ar bhealach a thacaíonn leis an óige. | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) | Údaráis áitiúla | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **3.4** | Comhlánú na hoiliúna ar líne saor in aisce a chur chun cinn, a chuirtear ar fáil trí Hub na nÓg do gach oifigeach údaráis áitiúil, eagraíocht phobail agus eile, chun tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht. | GBRÁ | Údaráis áitiúla | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **3.5** | An bonn fianaise a fhorbairt agus treoir a sholáthar le cur ar chumas tuismitheoirí tacaíocht chuí a thabhairt do rannpháirtíocht a leanaí i gcinnteoireacht sa bhaile. | RLCMLÓ/Hub na nÓg | Aonad um Beartas Tacaíochta Tuismith-eoireachta (RLCMLÓ) | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **3.6** | Cinntiú go dtéann Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) i gcomhairle le leanaí agus daoine óga agus iad ag forbairt a bpleananna do leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas agus iad siúd nach gcloistear uathu go minic. | CSLDÓ | RLCMLÓ | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **3.7** | Cinntiú go n-áirítear leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus iad siúd nach gcloistear uathu go minic, mar chomhaltaí ar an bpríomhchomhaltaí CSLDÓ agus ar na foghrúpaí ábhartha. | CSLDÓ | RLCMLÓ | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |



| Réimse Gníomh-aíochta 4 | Tuairimí leanaí agus daoine óga a leabú sa chinnteoireacht sa chóras oideachais | Freagracht | | Fráma ama | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ceannasaí/ comhcheannasaí | Comhpháirtí | 2024-2028 | | | | |
| **4.1** | Aonad Rannpháirtíochta Mac Léinn a bhunú sa Roinn Oideachais chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chinntiú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm bheartais na Roinne Oideachais. | An Roinn Oideachais | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **4.2** | Feasacht a ardú i measc múinteoirí, ceannairí scoile, boird bhainistíochta agus scoláirí ar an tábhacht agus na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht scoláirí sa chinnteoireacht. | An Roinn Oideachais | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **4.3** | Feabhas a chur ar struchtúir rannpháirtíochta i scoileanna (lena n-áirítear ról agus tionchar bríoch na gcomhairlí mac léinn) agus deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht, a chinnteoidh, mar sin, ionadaíocht iomlán agus chothrom ar ghuthanna gach linbh agus duine óig. | An Roinn Oideachais | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **4.4** | Tacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcigireachtaí scoile/féinmheastóireacht scoile. | An Roinn Oideachais | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **4.4a** | Comhairliúchán le leanaí agus daoine óga a chur san áireamh i ngach comhairliúchán de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar fhorbairt agus athchóiriú curaclaim. | CNCM | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **4.4b** | Cinntiú go lorgaíonn Oide, an tseirbhís foghlama gairmiúla múinteoireachta atá maoinithe ag an Roinn Oideachais, tuairimí na bhfoghlaimeoirí maidir le forbairt na foghlama gairmiúla múinteoirí. | An Roinn Oideachais | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **4.5** | An Chomhairle Mhúinteoireachta a mhealladh chun an modúl ar líne saor in aisce ar an *gCreat Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* a ailíniú le múinteoirí agus le hoideachasóirí luathbhlianta maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus riachtanais agus creidiúnú réamhsheirbhíse. | An Roinn Oideachais | Hub na nÓg | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |



| **Réimse Gníomh-aíochta 5** | **Cinntiú go gcuirtear leanaí agus daoine óga san áireamh sa chinnteoireacht sna seirbhísí sláinte agus sóisialta a fhaigheann siad** | **Freagracht** | | **Fráma ama** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ceannasaí/ comhcheannasaí** | **Comhpháirtí** | **2024-2028** | | | | |
| **5.1** | Athbhreithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcúram ina bpleanáil agus ina n-athbhreithnithe cúraim féin, agus treoir a sholáthar maidir le conas acmhainní a chur ar fáil dá rannpháirtíocht i bpleanáil agus athbhreithnithe cúraim agus iarchúraim agus í a éascú. | Tusla | | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **5.2** | Oiliúint agus treoir a fhorbairt don fhoireann cúram sláinte maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i gcinntí cúram sláinte. | An Roinn Sláinte (RS)/ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) | | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **5.3** | Treoirlínte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtugtar guth bríoch do leanaí agus daoine óga a bhfuil meabhairghalar orthu in idirghabhálacha agus i gcláir mheabhairshláinte. | RS/An Coimisiún Meabhairshláinte (CMS)/FSS | | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **5.4** | Teacht le chéile chun an modúl saor in aisce ar líne ar an g*Creat Rannpháirtíochta: Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* a ailíniú le struchtúir agus creidiúnú foghlama gairmiúla. | FSS/Tusla/An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte/ CMS/Eagraíocht Leighis na hÉireann/RLCMLÓ | Hub na nÓg | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **5.5** | Dul i dteagmháil le leanaí agus daoine óga maidir leis an Spotsolas ar Sheirbhísí Míchumais, ar aon dul le *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028*, áit a bhfaightear a dtuairimí agus a gcuirtear iad chun cinn chun eolas a thabhairt d'fhorbairtí beartais agus seirbhíse. | RLCMLÓ – Rannóg Míchumais | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **5.6** | Cinntiú go bhfuil guthanna leanaí agus daoine óga lárnach d'obair Spotsolas Meabhairshláinte na hÓige faoi *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028*. | RS | RLCMLÓ | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |

| **Réimse Gníomh-aíochta 6** | **Cinnteoireacht sa chúirt agus sa chóras cúirte a chumasú chun tuairim leanaí agus daoine óga a chuimsiú** | **Freagracht** | | **Fráma ama** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ceannasaí/ comhcheannasaí** | **Comhpháirtí** | **2024-2028** | | | | |
| **6.1** | Cinntiú go dtugtar an deis do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear leanaí níos óige (aois 0-6 bliana), go n-éistfear lena dtuairimí agus go dtugtar aird chuí orthu sa chinnteoireacht i bpróisis dlí go díreach ar an mbealach is fearr a oireann do riachtanais an linbh, nó go bhfaigheann siad tacaíocht chuí ó thuismitheoirí, abhcóidí agus/nó caomhnóirí ad litem. | Gach Roinn Rialtais agus Gníomhaireacht Stáit ábhartha | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **6.2** | Tacú le leanaí agus le daoine óga a bheith rannpháirteach i gcórais chúirte agus dlí le hoideachas, faisnéis agus ullmhúchán a oireann dá n-aois roimh ré. | Gach Roinn Rialtais agus Gníomhaireacht Stáit ábhartha | | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **6.3** | Athbhreithniú comparáideach idirnáisiúnta a choimisiúnú ar ionchorprú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh sa dlí baile. | RLCMLÓ | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **6.4** | Oibriú chun an modúl ar líne ar an *gCreat Rannpháirtíochta: An Creat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* a chur san áireamh i struchtúir foghlama gairmiúla ábhartha agus creidiúnú do ghairmithe dlí, d'oifigigh chúirte agus do ghairmithe a bhíonn ag plé le leanaí agus daoine óga i gcomhthéacs an chórais dlí. | RLCMLÓ | An Roinn Dlí agus Cirt/Seirbhís Chúirte/Tusla/ An Chomhairle Bhreithiúnach/ An Bord um Chúnamh Dlíthiúil/ Comhairle an Bharra | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |
| **6.5** | Rannpháirtíocht iomlán daoine óga a chinntiú sna Comhchoistí Póilíneachta agus i struchtúir cheartais óige. | An Roinn Dlí agus Cirt/An Garda Síochána | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |



| **Réimse Gníomh-aíochta 7** | **Tacú le rannpháirtíocht shábháilte, chothrom leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht ar líne** | **Freagracht** | | **Fráma ama** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ceannasaí/ comhcheannasaí** | **Comhpháirtí** | **2024-2028** | | | | |
| **7.1** | Tionscnaimh rannpháirtíochta, comhairliúcháin agus struchtúir a leathnú isteach i spásanna ar líne/digiteacha. | RLCMLÓ | Hub na nÓg/ ONR | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **7.2** | Modhanna a fhorbairt chun cothromas rochtana ar dheiseanna rannpháirtíochta ar líne a sholáthar. | ONR/Hub na nÓg | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **7.3** | Rannpháirtíocht shábháilte sa chinnteoireacht ar líne/go digiteach a chur chun cinn trí measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail toiliú agus aontú, chomh maith le hoiliúint a chur ar leanaí agus daoine óga agus ar chleachtóirí. | Hub na nÓg | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **7.4** | Tuairimí leanaí agus daoine óga ar shaincheisteanna beartais éagsúla a roinnt ar ardán ar líne do lucht déanta beartas. | Hub na nÓg | | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |

| **Réimse Gníomh-aíochta 8** | **Struchtúir rannpháirtíochta atá cuimsitheach, inrochtana agus sábháilte a fhorbairt do gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil tacaíochtaí breise de dhíth orthu chun páirt a ghlacadh iontu agus chun a bheith rannpháirteach** | **Freagracht** | | **Fráma ama** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Ceannasaí/ comhcheannasaí** | **Comhpháirtí** | **2024-2028** | | | | |
| **8.1** | Bacainní ar rannpháirtíocht sa chinnteoireacht do leanaí agus do dhaoine óga nach gcloistear uathu go minic a aithint agus bealaí chun na bacainní sin a bhaint nó a shárú a aithint. | RLCMLÓ | Hub na nÓg/ ONR | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **8.2** | Aird ar leith a thabhairt d'earcaíocht i struchtúir rannpháirtíochta agus úsáid modheolaíochtaí cuimsitheacha lena chinntiú go mbíonn baint ag leanaí agus daoine óga nach gcloistear uathu go minic sa chinnteoireacht. | Gach Roinn Rialtais | ONR/ Hub na nÓg | 24 √ | 25 √ | 26 √ | 27 √ | 28 √ |
| **8.3** | Líonra Cleachtais idirghníomhaireachta a bhunú chun eolas agus cuir chuige a roinnt maidir le rannpháirtíocht chuimsitheach bhríoch. | RLCMLÓ/ Hub na nÓg | Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit ábhartha | 24 √ | 25 | 26 | 27 | 28 |



Aguisín

# Gealltanais an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe Maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht

Comhlíonann an próiseas chun tacú le rannpháirtíocht níos mó ag leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht príomhghealltanais na Náisiún Aontaithe (NA) agus ailíníonn sé le sraith tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh (AE) chun rannpháirtíocht níos mó leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht a chur chun cinn.

Áirítear le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL) agus Coinbhinsiún na NA um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM) oibleagáidí a éilíonn ar Stáit rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht a éascú.

## Airteagal 12 den CNACL

Le hAirteagal 12, ceanglaítear ar gach tír a bhfuil an CNACP daingnithe aici a chur ar chumas leanaí a dtuairimí a nochtadh ar ábhair a bhaineann leo; dar leis an Airteagal: "Áiritheoidh Páirtithe Stáit don leanbh atá in ann a t(h)uairimí féin a fhoirmiú an ceart chun na tuairimí sin a nochtadh faoi shaoirse i ngach ábhar a bhaineann leis an leanbh, agus aird chuí á tabhairt ar thuairimí an linbh de réir aoise agus aibíochta an linbh". (CNACL, 2009)

## Airteagal 4(3) den CNACL

Deir Airteagal 4(3) den CNACL (2007): "Le linn dóibh reachtaíocht agus beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an Coinbhinsiún seo a chur chun feidhme, agus i bpróisis chinnteoireachta eile a bhaineann le saincheisteanna a bhaineann le daoine faoi mhíchumas, rachaidh Stáit is Páirtithe i gcomhairle go dlúth le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, agus glacfaidh siad go gníomhach leo trína n-eagraíochtaí ionadaithe". *(United Nations Enable, 2007)*

## Gealltanais an AE maidir le hóige agus rannpháirtíocht

Tá an AE á threorú ag na prionsabail atá leagtha amach sa CNACL, atá daingnithe ag Ballstáit uile an AE. Bunaítear le hAirteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach cuspóir an AE maidir le cearta an linbh a chur chun cinn. Le hAirteagal 24(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ráthaítear go gcosnófar cearta leanaí chun a dtuairimí a nochtadh agus go mbreithneofar iad ar ábhair a bhaineann leo, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. .

## Struchtúir rannpháirtíochta an AE

Tá an AE ag tabhairt faoi roinnt tionscnamh atá dírithe ar thacú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa chinnteoireacht. Tá sé mar aidhm ag Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027:

- níos mó deiseanna a chruthú do dhaoine óga,
- teagmháil a dhéanamh le daoine óga níos éagsúla, agus
- oibriú i dtreo uilechuimsitheacht shóisialta na n-óg agus deireadh a chur le bochtaineacht i measc na n-óg.

Áiríonn Straitéis Óige an AE rannpháirtíocht na hóige mar cheann dá phríomhphrionsabail threoracha:

**Rannpháirtíocht: ag aithint gur acmhainn don tsochaí iad na daoine óga go léir, ba cheart do gach beartas agus gníomhaíocht a bhaineann le daoine óga seasamh le ceart daoine óga a bheith rannpháirteach i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i ngníomhaíochtaí leantacha a dhéanann difear dóibh trí rannpháirtíocht bhríoch daoine óga agus eagraíochtaí óige. Sa chomhthéacs sin, ba cheart beartais a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt do na hathruithe atá tagtha ar an gcumarsáid dhigiteach a dhéanann difear do rannpháirtíocht dhaonlathach agus shibhialta.**

### *Straitéis an AE maidir le cearta an linbh* agus an *Ráthaíocht Eorpach don Leanbh*

Cruthaíonn Straitéis an AE maidir le cearta an linbh agus an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh (European Commission, 2019) together form a new comprehensive EU policy framework to ensure the protection of the rights of all children, and to secure access to basic services for vulnerable children.

Tugann *straitéis an AE maidir le cearta an linbh* tosaíocht do rannpháirtíocht i saol polaitiúil agus daonlathach, ag spreagadh na mBallstát:

- acmhainní leordhóthanacha a bhunú, a fheabhsú agus a sholáthar le haghaidh meicníochtaí nua agus meicníochtaí atá ann cheana maidir le rannpháirtíocht leanaí ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear trí Uirlis Measúnaithe Rannpháirtíochta Leanaí de chuid Chomhairle na hEorpa;
- feasacht agus eolas ar chearta an linbh a mhéadú, lena n-áirítear do ghairmithe a oibríonn le leanaí agus ar son leanaí, trí fheachtais feasachta agus gníomhaíochtaí oiliúna;
- oideachas ar shaoránacht, ar chomhionannas agus ar rannpháirtíocht i bpróisis dhaonlathacha a neartú i gcuraclaim scoile ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ag leibhéal an AE; agus
- tacú le scoileanna ina n-iarrachtaí daltaí a spreagadh i saol laethúil agus i gcinnteoireacht na scoile.

## Tagairtí


An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (2023) *Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028* https://www.gov.ie/en/publication/80ac4-young-ireland-the-national-policy-framework-for-children-and-young-people-0-24-2023-2028/.

Comhairle na nÓg (2021) Comhairle na nÓg five year development plan https://www.comhairlenanog.ie/wp-content/uploads/2021/07/Comhairle-na-nOg-Five-Year-Development-Plan-1.pdf.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) (2021) *What WE Think – Consultation with Children and Young People on Children's Rights UNCRC, UNCRPD and UPR.* https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/220130/c050f727-9c2f-47e3-bceb-18f5ddc4b58f.pdf#page=null.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) (2022) *What WE think: A review of past consultations with children and young people as part of the UNCRC reporting process*. https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/220133/6b6473b6-e574-49f0-9e80-8c5a651e7319.pdf#page=null.

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) (2023) *Final Review of the National Strategy on Children and Young People's Participation in Decision-making 201-2020*. https://www.gov.ie/en/publication/80796-final-review-of-the-national-strategy-on-children-and-young-peoples-participation-in-decision-making-2015-2020/.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2015) *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An creat beartais náisiúnta do leanaí & do dhaoine óga 2014-2020.* https://www.gov.ie/en/publication/775847-better-outcomes-brighter-futures/.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2015) *National Strategy on Children and Young People's Participation in Decision-making 2015-2020.* https://www.gov.ie/en/publication/9128db-national-strategy-on-children-and-young-peoples-participation-in-dec/.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2019) *Mid-Term review and Phase Two Action Plan of the National Strategy on Children and Young People's Participation in Decision-Making, 2015-2020* https://www.gov.ie/en/publication/3f6eb3-mid-term-review-and-phase-two-action-plan-of-the-national-strategy-o/.

An Roinn Dlí agus Cirt (2022) *Family Justice Strategy 2022-2025* https://www.gov.ie/en/collection/4790f-family-justice-strategy/.

Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh (2017) *The Oberstown Participation Strategy*. https://www.oberstown.com/wp-content/uploads/2017/11/Participation-Strategy-Final.pdf

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (2022) *Straitéis AE i leith na hÓige (2019-2027).* https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/413b5b69-70d4-11ed-9887-01aa75ed71a1/language-en/format-HTML/source-278173701

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (2021) *Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh agus an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh*. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/LSU/?uri=CELEX:52021DC0142

TUSLA (2017) *Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children* https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation

TUSLA (2019) *Child and Youth Participation Strategy 2019-2023*. https://www.tusla.ie/services/family-community-support/tusla-child-and-youth-participation/

Coiste na NA um Chearta an Linbh (CCL), *General comment No. 12 (2009): The right of the child to be heard*. https://www2.ohchr.org/english/bodies/crc/docs/AdvanceVersions/CRC-C-GC-12.pdf

United Nations Enable (2007) *UNCRPD Article 4 – General obligations*. https://www.un.org/development/desa/disabilities/convention-on-the-rights-of-persons-with-disabilities/article-4-general-obligations.html.

An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth